CINNTÍ

CINNEADH (AE) 2023/1043 ÓN gCOMHAIRLE

an 22 Bealtaine 2023

lena mbunaítear an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Choiste um Thrádáil in Aerárthaí Sibhialta i ndáil le haontachas na Brasaíle leis an gComhaontú maidir leis an Trádáil in Aerárthaí Sibhialta

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 207(4), an chéad fhomhír, i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Rinne an tAontas an Comhaontú maidir leis an Trádáil in Aerárthaí Sibhialta ([1]) ('an Comhaontú') a thabhairt i gcrích le Cinneadh 80/271/CEE ón gComhairle ([2]) agus tháinig sé i bhfeidhm an 1 Eanáir 1980.

(2) Chuir an Bhrasaíl a hiarratas ar aontachas leis an gComhaontú faoi bhráid an Choiste um Thrádáil in Aerárthaí Sibhialta ('an Coiste'), in éineacht lena gealltanais taraife mholta, an 14 Meitheamh 2022.

(3) I bhfianaise na ngealltanas sin, comhlíonann iarratas na Brasaíle ar aontachas leis an gComhaontú na ceanglais a leagtar amach ann.

(4) Tá coinne leis go mbeidh tionchar dearfach ar thrádáil shaor neamhshaofa in earnáil na n-aerárthaí sibhialta de thairbhe aontachas na Brasaíle leis an gComhaontú.

(5) De bhun Airteagal 9.1.3. den Chomhaontú agus phointe 5 den Nóta Treorach maidir le Cur Chun Feidhme Airteagal 9.1.3. den Chomhaontú, tá sé de chumhacht ag an gCoiste cinneadh a dhéanamh lena n-aontaítear le téarmaí an aontachais agus a thoiliú a thabhairt don rialtas iarrthach ionstraim aontachais a thaisceadh le hArd-Stiúrthóir EDT, ina luaitear na téarmaí arna gcomhaontú amhlaidh.

(6) Is iomchuí, dá bhrí sin, an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Choiste i ndáil le haontachas na Brasaíle leis an gComhaontú a bhunú,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Is é an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Choiste um Thrádáil in Aerárthaí Sibhialta, aontachas na Brasaíle leis an gComhaontú maidir leis an Trádáil in Aerárthaí Sibhialta a fhormheas.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm dáta a ghlactha.

([1]) IO L 71, 17.3.1980, lch. 58.

([2]) Cinneadh Uimh. 80/271/CEE ón gComhairle an 10 Nollaig 1979 maidir le Comhaontuithe Iltaobhacha a tháinig as caiblíochtidlíochtaí trádála na mblianta 1973–1979 a chur i gcrích (IO L 71, 17.3.1980, lch. 1).

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 22 Bealtaine 2023.

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
E. BUSCH